Aonad 3A. Gaeilge (An Buachailín Sinséir)

Tá **Rith** mar théama sa scéal *An Buachaillín Sinséir* . Bainfidh páistí óga taitneamh as na gníomhaíochtaí san aonad seo, agus go háirithe as aithris a dhéanamh ar an bhfrása *Rith, rith, ní mé atá le hithe,* agus iad ag ullmhú i gcomhair Rith 2012.

Téama: Sa Bhaile nó Bia (Fothéamaí – ag bácáil; daoine, ainmnithe, gníomhaíochtaí)

Ranganna: Tá moltaí éagsúla thíos a d'oirfeadh do pháistí ó naíonáin go rang a dó i scoileanna lán-Ghaeilge (scoileanna T1) agus suas go rang a 3 nó 4 i scoileanna ina dhéantar an teagasc trí Bhéarla (scoileanna T2).

Cuspóirí agus feidhmeanna teanga

- An foclóir atá sa leabhar mór a aithint agus a thuiscint, agus feidhm a bhaint as an bhfoclóir sin.
- An scéal a thuiscint, agus a léamh i gcomhpháirt leis an múinteoir.
- An scéal a léamh mar ghrúpa.
- Tasc éisteachta a dhéanamh.
- Tasc scríbhneoireachta a dhéanamh (de réir cumas na bpáistí: rogha thíos).
- Pictiúir agus téacs a mheaitseáil (Naí/Rang 1 Scoil T1, Rang 2/3, Scoil T2).
- Freagairt d'eachtraí an scéil le cabhair pictiúir agus geáitsí nuair atá an múinteoir á insint.
- Carachtair an scéil a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu.
- Treoracha a leanúint (Buachaillín Sinséir a dhéanamh / puipéid a dhéanamh).

Eiseamláirí

- *Tá _____ orm*
- *Rinne mé /Chonaic mé/ Ghearr mé /Shuigh mé/*
- *Beir orm*
- *Is féidir liom/ más féidir leat*
- *Rith mé i do dhiaidh/ in a diaidh/ in a dhiaidh*
- *Chuaigh/ Tháinig/Thomhais/Mheasc*

Acmhainní

- Pacáiste Rith 2012
  - An Buachaillín Sinséir: PowerPoint-Luaschártaí Móra agus Pictiúrchártaí Beaga - PDF
  - PowerPoint: Pictiúr den scéal (cead fótachóipeála ón leabhar *Tomás na hOrdóige*)
  - Téacs an scéil – PowerPoint
  - Aonad 3, Bileoga Oibre 1 - 6

Modhanna/straitéisí/gníomhaíochtaí foghlama.

Ní bheadh sé i gceist na moltaí thíos a dhéanamh in aon lá amháin. Níl ann ach smaointe ionas gur féidir obair seachtaine a bhunú ar an scéal.

1. An tréimhse réamhchumarsáide

Carachtair an scéil

- Mínigh carachtair an scéil do na páistí ag úsáid luaschártaí éagsúla. Féach an **PowerPoint** agus na **Pictiúrchártaí Beaga** sa phacáiste. Bíodh ainm an charachtair ar na luaschártaí más féidir – fiú i gcás nár thosaigh na páistí ag foghlaim na léitheoireachta foirmiúla go fóill. Cabhraíonn an prionta le daltaí an foclóir nua a shealbhú níos fearr.

Cluiche Kim:

- Imir cluiche Kim chun na bianna, na carachtair agus na uirlisí éagsúla sa scéal a fhoghlaim.
- Is féidir úsáid a bhaint as na Pictiúrchártaí Beaga chuige seo, nó nithe réadúla.

Cluiche a imirt ag úsáid ainmneacha na gcarachtar

- Socraítear na páistí i gciorcal. Roghnaítear dalta amháin mar an Buachaillín Sinséir (BS). Siúlann an BS timpeall ag tabhairt ainm do gach páiste – *m.sh. capall, bó, fear, cailín srl*.
- Nuair a deir sé/sí madra rua bíonn ar an duine sin greim a fháil ar an BS. Mealltar na páistí chun *"Stop" "Beir orm"* agus *"Rith*" a rá sa chluiche.

Tascanna éisteachta

An Buachaillín Sinséir a dhéanamh as márla
Treoracha

- *Rinne an bhean cáca.*
- *Chuir sí ceann air.*
- *Chuir sí súile air.*
- *Chuir sí dhá chluas air.*
- *Chuir sí dhá lámh air.*
- *Chuir sí dhá chos air.*
- *Chuir sí trí chnaipe ar a chóta.*

An Buachaillín Sinséir a tharraingt
Treoracha

- *Tarraing buachaill.*
- *Tarraing ceann.*
- *Tarraing súil amháin agus súil eile.*
- *Tarraing dhá chluas.*
- *Tarraing dhá lámh.*
- *Tarraing dhá chos.*
- *Tarraing na cnaipí ar an gcorp.*

Amhráin – ag brath ar aois agus chumas na bpáistí

- Lámh, lámh eile
- Ceann, gualainn, glúine 's cos
- Lámha suas an féidir leat

Rannta

- Rith, rith ní mé atá le hith,
  Is mise an Fear Sinséir
  Tá mé iontach maith ag rith

- Mise an traen puff puff puff, mise an madra bhuf, bhuf, bhuf
  Mise an bus bíp bíp bíp, mise an sicín tsíp tsíp tsip!

2. An tréimhse chumarsáide

- Inis an scéal ag úsáid na bpictiúr ón leabhar Tomás na hOrdóige (**PowerPoint sa phacáiste**). Insítear é le geáitsí agus athraíonn guth an mhúinteora do na carachtair uile. *Pictiúir: 1 An fear agus an bhean; 2 An Buachaillín Sisnséir ag rith; 3 An capall; 4 an capall agus an bhó; 5 " Stop Stop "; 6. An madra rua cliste.*
- Inis an scéal ina iomláine. Taispeáin an téacs (**PowerPoint – Téacs an scéil**) nó cuir na bileoga i gcló agus tabhair do pháistí/do ghrúpaí éagsúla iad. Meaitseáil an téacs agus na pictiúir. Is ionann seo agus léitheoireacht neamhfhoirmiúil (*Rang 2/3 i scoil T2, Naí.mhóra/R1 scoil T1*).
- Is féidir drama ranga a bhunú ar théacs an scéil. Tá seacht gcarachtar i gceist – **Scéalaí/ fear/ bean/ capall/ bó/ buachaillín sinséir/ sionnach**. Tá dath gorm ar ráiteas na gcarachtar sa PowerPoint chun cabhrú leis na páistí.
  Déantar an dráma os comhair an ranga ar dtús. Tá sé tábhachtach go mbíonn an múinteoir páirteach ann ar dtús chun cabhair agus cúnamh a thabhairt do na daltaí.
  Bristear suas daltaí i ngrupaí de seachtar. Tá orthu an scéal a léiriú I bhfoirm dráma. Tabhair cóip de na pictiúr den scéal dóibh mar leid chun struchtúr a chur ar an scéal. Is féidir cúpla leid a chur ar an gclár bán freisin: m.sh. S*top! Há, há; Rith, Rith, ní mé atá le hith',* srl.
  Mar dhúshlán breise, iarr ar na páistí smaoineamh ar charachtair nua don dráma agus abairtí a chumadh dóibh. Féach na carachtair bhreise sna Luaschártaí – Cártaí Beaga nó PowerPoint.
  M.sh. Bhuail siad le cailín. Cad a dúirt sí? Cé eile a bhí ann? Cad a dúirt sé?
- Cuir na daltaí ag obair ina mbeirteanna – duine i ról na mná agus duine eile i ról an fhir. Abhair leo go bhfuil an bhean (B) ag múineadh don fhear (F) conas Buachaillín Sinséir a dhéanamh! Caithfidh sí treoracha a thabhairt dó, agus déanann se mím. Déantar sampla os comhair an ranga ar dtús.
  Treoracha samplacha:
  Faigh plúr, siúcra, sinséar, im agus bainne.
  Faigh babhla, spúnóg agus cupán.
  Tomhais na hábhair.
  Measc iad le chéile.
  Déan Buachaillín Sinséir.
  Déan ceann, dhá lámh, corp agus dhá chos.
  Cuir cnaipí ar an gcorp.
  Cuir an Buachaillín Sinséir san oigheann.
  Fan 40 nóiméad. Ná oscail doras an oighinn ró luath!

3. An tréimhse iarchumarsáide

- Dul siar ar na botúin a rinneadh i rith na tréimhse cumarsáide. Mar shampla, dhá agus h / ar an agus urú &rl. M.sh. d'fhéadfaí druil mhalartúcháin a úsáid chun an fhoirm cheart a chleachtadh. Sampla ón mhúinteoir ar dtús, ag cur béime ar an séimhiú: m.sh. *Rinne mé dhá chos, Rinne mé dhá chathaoir, Rinne mé dhá pheann, Rinne mé dhá bhuidéal.* Ansin deir an múinteoir focal (*buidéal, bosca, cathaoir*) agus freagraíonn an rang leis an abairt. Is féidir leis an múinteoir cabhrú leis na freagraí ar dtús. De réir a chéile is féidir le páistí aonair freagairt.

- Taispeáin na sé phictiúr san ord mí-cheart. Déan aithris ar an scéal le cabhair na bpáistí agus iarr orthu cabhrú chun na pictiúir a chur san ord ceart. Déantar fríos balla leis na pictiúir.
- I gcás páistí atá tosaithe ar an léitheoireacht - is féidir an téacs cuí a mheaitseáil leo.
- Iarr ar na páistí a gcuid leabhar beag féin a dhéanamh, bunaithe ar an scéal.
- Féach na gníomhaíochtaí ar na **Bileoga Oibre, 1-6**. chun an teanga a dhaingniú agus a chleachtadh i gcomhthéacs nua.

Measúnú

- Beidh measúnú neamhfhoirmiúil ar siúl ag an múinteoir i gcaitheamh an cheachta. Tabharfaidh sé/sí cumas éisteachta agus tuisceana an pháiste faoi deara nuair a chuirfidh sé/sí ceisteanna ar na páistí agus nuair a thugann sé/sí treoracha dóibh.
- Nuair a bheidh na páistí i mbun cumarsáide *(m.sh. an dráma, an rólimirt, ag léamh nó ag scríobh)* beidh an múinteoir ag breathnú orthu, chun measúnú a dhéanamh.
- Beidh an múinteoir ag faire amach do na bunstraitéisí agus scileanna sa léitheoireacht agus scríbhneoireacht, *m.sh. An mbaineann an páiste brí as an téacs? An bhfuil sé/sí in ann scríobh go simplí ag leibhéal a oireann dá (h)aois?*
- Is féidir na cuspóirí sa chéad cheacht eile a bhunú ar thorthaí an dírbhreathnaithe seo, seachas cur isteach ar líofacht na bpáistí agus iad ag obair.

Tuilleadh eolais agus acmhainní

www.rith.ie	Tuilleadh eolais faoi Rith 2012, conas páirt a ghlacadh, comórtais srl.
An tÁisaonad Lán-Ghaeilge	Leabhar Mór: An Fear Sinséir
Tomás na hOrdóige agus Scéalta Eile	Pacáiste scéalta, drámaí agus cluichí do mhúinteoirí bunscoile idirghníomhach Gaeilge, dírithe ar pháistí sa bhunscoil ó na naíonáin ar aghaidh. Ar fáil ó Shiopaí Leabhar agus ar líne.